



---

*An Coiste um Ghnóthaí Dílíthiúla*

---

**(2020/2018(INL))**

7.9.2020

## TUAIRIM

ón gCoiste um Ghnóthaí Dílíthiúla

chuir an gCoiste um an Margadh Inmheánach agus um Chosaint an Tomhaltóra

le moltaí don Choimisiún maidir leis an Acht um Sheirbhísí Digiteacha:  
Feabhas a Chur ar Fheidhmiú an Mhargaidh Aonair  
(2020/2018(INL))

Rapóirtéir don tuairim (\*): Patrick Breyer

(Tionscnamh – Rial 47 de na Rialacha Nós Imeachta)

(\*) Coiste comhlachaithe – Rial 57 de na Rialacha Nós Imeachta

PA\_INL

## MOLTAÍ

Iarrann an Coiste um Ghnóthaí Dlíthiúla ar an gCoiste um an Margadh Inmheánach agus um Chosaint an Tomhaltóra, mar an coiste atá freagrach, na moltaí seo a leanas a ionchorprú ina thairiscint i gcomhair rúin:

- A. de bhrí go bhfuil roinnt ceisteanna a bhaineann leis an dlí sibhialta agus tráchtála agus le forfheidhmiú an dlí shibhialta agus riaracháin ábhartha go sonrach freisin maidir le fíorchaidreamh le tomhaltóirí, chomh maith le hiomaíochas agus iomaíocht ar líne;
  - B. de bhrí go raibh ról ríthábhachtach ag na rialacha a chumhdaítear i dTreoir 2000/31/CE maidir le tráchtáil leictreonach ('an Treoir maidir le Ríomhthráchtáil') in éascú seirbhísí digiteacha sa mhargadh inmheánach, agus go bhfuil siad riachtanach chun timpeallacht nuálach ghnó a chosaint; de bhrí gur cheart é a bheith mar aidhm leis an Acht um Sheirbhísí Digiteacha nuashonrú a dhéanamh ar na dlíthe sibhialta agus tráchtála lena rialaítear freagracht na n-ardán ar líne agus na soláthraithe seirbhísí óstála chun deimhneacht agus sábháilteacht a sholáthar do na cuideachtaí, do na húsáideoirí agus don tsochaí ina hiomláine, trí oibleagáidí soiléire a chur ar ardán ar líne, lena n-áirítear margáí;
  - C. de bhrí go bhfuil fianaise ann a léiríonn go bhfuil go leor táirgí agus seirbhísí neamhdhleathacha á dtairiscint ar líne, lena gceanglaítear beart a dhéanamh faoin Acht um Sheirbhísí Digiteacha;
  - D. de bhrí gur cheart go mbeadh sé mar aidhm leis an Acht um Sheirbhísí Digiteacha, trí chreat dlíthiúil atá éifeachtach agus cothrom, go ndíreofaí ar mhuintir na dtomhaltóirí as úsáid na ríomhthráchtála agus, ag an am céanna, go dtabharfaí bonn daingean ar an margadh do ghnólachtaí nuathionscanta Eorpacha agus do FBManna Eorpacha;
1. á chur i bhfáth gur cheart é a bheith de cheangal ar idirghabhálaithe, i gcás ina bhfuil sé indéanta agus réasúnach go teicniúil agus go dleathach, úsáid anaithnid a gcuid seirbhísí a chumasú agus íocaíocht a dhéanamh ina leith, ós rud é go gcuireann anaithnideacht cosc a bheag nó a mhór ar nochtadh sonraí neamhúdairithe, ar ghoid chéannachta agus ar chineálacha eile mí-úsáide sonraí pearsanta a bhailítear ar líne; ag tabhairt dá haire, i gcás ina gceanglaítear le dlí an Aontais ar thrádálaithe tráchtála a gcéannacht a chur in iúl, go bhféadfadh oibleagáid a bheith ar sholáthraithe ionaid cheannasacha nó chórasacha margaidh céannacht na dtrádálaithe a fhíorú; á mholadh gur cheart réitigh theicneolaíoch nua a mheas agus a úsáid le haghaidh shainaithint agus anaithnideacht na n-úsáideoirí araon; á dhearbhu nach bhféadfaidh ardáin, aon uair a shainaithníonn siad úsáideoirí, céannachtaí úsáideoirí a nochtadh gan toiliú sainráite a tugadh faoi shaoirse ná gan ceanglas dlíthiúil maidir le nochtadh;
  2. Leis an togra reachtach atá ar na bacáin maidir leis an Acht um Sheirbhísí Digiteacha, ba cheart lánurraim a thabhairt do Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh, agus do rialacha an Aontais lena gcosnaítear tomhaltóirí agus a sábháilteacht, a bpríobháideacht agus a sonraí pearsanta; á mheabhrú di a thábhachtaí atá príomhphrionsabail na Treorach maidir leis an Ríomhthráchtáil, eadhon prionsabal na tíre tionscnaimh, an clásal maidir le dliteanas teoranta agus an toirmeasc ar oibleagáid ghinearálta faireacháin, go leanfaidh siad de bheith bailí faoin Acht um Sheirbhísí

Digiteacha; á thabhairt chun suntais , chun saoirse cainte a chosaint, coinbhleachtaí dlíthe a sheachaint, geobhlocáil neamhdhlisteanaithe agus neamhéifeachtach a chosc agus díriú ar mhargadh aonair digiteach comhchuibhithe, nár cheart go gceanglófaí ar sholáthraithe seirbhísí óstála rochtain ar fhaisnéis atá dlíthiúil ina dtír thionscnaimh a bhaint nó a dhíchumasú;

3. ag cur i bhfáth a thábhachtaí atá sé creat rialála atá soiléir, aonfhoirmeach agus cothrom le dáta a bhunú, lena n-áirítear sainmhínithe soiléire, i measc nithe eile; ag tabhairt chun suntais gur gá ardáin cheannasacha nó chórasacha a shainiú agus a saintréithe a leagan síos;
4. ag tabhairt dá haire gur cheart bailiú agus úsáid sonraí pearsanta a bhaineann le húsáid seirbhísí digiteacha a theorannú don mhéid is fíorghá chun an tseirbhís a sholáthar agus chun na húsáideoirí a bhilleáil, ós rud é go gceadaíonn gníomhaíochtaí ar líne daoine aonair léargas domhain a thabhairt ar a bpearsantacht agus go bhfágann siad gur féidir iad a ionramháil, go háirithe maidir le hardáin cheannasacha nó chórasacha agus líonraí sóisialta; á chur i bhfáth gur gá reachtaíocht a fhorfheidhmiú chun teorainn a chur le bailiú sonraí pearsanta trí ardáin óstála inneachair, bunaithe, *inter alia*, ar idirghníomhaíochtaí úsáideoirí le hinneachar a óstáiltear ar ardáin óstála inneachair, chun próifílí fógraíochta spriocdhírithé a thiomsú; á iarraidh ar ardáin óstála inneachair fógraí spriocdhírithé a úsáid bunaithe ar réamh-idirghníomhaíocht an úsáideora le hinneachar ar an ardán óstála inneachair céanna nó ar shuíomhanna gréasáin tríú páirtí, ach amháin tar éis toiliú a fháil roimh ré ón úsáideoir, i gcomhréir le RGCS agus leis an Treoir maidir le Ríomh-phríobháideacht; á athdhearbhú nach dtabharfar rochtain d'údaráis phoiblí ar mheiteashonraí úsáideora ach amháin chun imscrúdú a dhéanamh ar daoine faoi dhrochamhras i gcionta coiriúla tromchúiseacha a bhfuil réamhúdarú breithiúnach acu;
5. á chur in iúl gur cúis inní di gur féidir seirbhísí sínithe isteach aonair a úsáid chun úsáideoirí a rianú ar fud na n-ardán; á mholadh gur cheart go gceanglófaí ar sholáthraithe a thacaíonn le seirbhís sínithe isteach aonair trí sciar ceannasach den mhargadh a thabhairt di tacú freisin le córas fíordheimhnithe oscailte agus cónasctha amháin ar a laghad atá bunaithe ar chreat neamhdhílisithe;
6. á chur i bhfios, chun cearta bunúsacha a chosaint agus chun deimhneacht dhlíthiúil a áirithiú, nach n-úsáidfear leis an Acht um Sheirbhísí Digiteacha an coincheap 'inneachar díobhálach', nach bhfuil sainmhíniú dlíthiúil leis, ach go dtabharfar aghaidh inti ar fhoilsiú inneachair atá neamhdhleathach, agus é ag seasamh leis an bprionsabal 'go bhfuil an méid atá neamhdhleathach as líne neamhdhleathach ar líne freisin'; ag tabhairt dá haire nach bhfuil uirlisí uathoibrithé in ann inneachar neamhdhleathach a idirdhealú ó inneachar atá dlíthiúil i gcomhthéacs ar leith; ag tabhairt dá haire, thairis sin, nach féidir le hathbhreithniú an duine ar thuarascálacha uathoibrithé ó sholáthraithe seirbhíse, óna bhfoireann nó óna gconraitheoirí, feabhas a chur ar fheidhmiú na dteicneolaíochtaí aitheanta inneachair mar sin; á thabhairt chun suntais, dá bhrí sin, gan dochar d'Airteagal 17 den Treoir maidir le Cóipcheart, gur cheart leis an Acht um Sheirbhísí Digiteacha aon oibleagáid maidir le huirlisí uathoibrithé a úsáid chun inneachar a mhaolú a eisiáimh go sainráite agus a n-úsáid dheonach a rialáil, agus gur cheart dó staonadh ó shásraí fógra agus neamh-athsholáthair a fhorchur; á áitiú nár cheart aon bhearta rialaithe *ex-ante* bunaithe ar uirlisí uathoibrithé ná scagadh uaslódála

inneachair a bheith mar thoradh ar nósanna imeachta modhnóireachta inneachair a úsáideann soláthraithe; á chur i bhfios go láidir gur cheart go gcuirfí oiliúint chuí agus tacaíocht leordhóthanach shíceolaíoch ar fáil do na modhnaitheoirí inneachair; á chur i bhfáth a thábhachtaí atá sé a bheith ar an eolas go ndearna duine nó algartam cinneadh measarthachta inneachair agus, sa dara cás sin, an dearnadh athbhreithniú daonna; á chur i bhfáth gur gá níos mó trédhearcachta san athbhreithniú inneachair agus sa bhainistiú trí ardáin óstála inneachair agus, dá bhrí sin, á mholadh go mbeadh sásra athbhreithnithe ann d'ardáin óstála inneachair cheannasacha nó chórasacha, chun meastóireacht a dhéanamh ar na rioscaí a bhaineann lena mbeartais bainistithe inneachair;

7. ag cur béim ar an tábhacht a bhaineann le muinín a chur i nGníomhaireacht Eorpach nó comhlacht Eorpach atá nua nó ann cheana chun an comhar idir na Ballstáit i dtaca le saincheisteanna trasteorann agus líonra na gcomhlachtaí forfheidhmithe náisiúnta neamhspleácha a chomhordú;
8. á chur i bhfios go láidir go mbeidh an chothroime agus an comhlíonadh le caighdeáin um chearta bunúsacha maidir le téarmaí agus coinníollacha arna bhforchur ag idirghabhálaithe ar úsáideoirí a seirbhísí faoi réir athbhreithniú breithiúnach;
9. á thabhairt chun suntais, chun tógáil go cuiditheach ar rialacha na Treorach maidir le Ríomhthráchtáil agus chun cinnteacht dhlíthiúil a áirithiú, go leagfar amach go cuimsitheach agus go sainráite leis an reachtaíocht is infheidhme dualgais sholáthraithe na seirbhíse digití seachas dualgas ginearálta cúraim a fhorchur; á thabhairt chun suntais nár cheart go mbeadh an córas dlí maidir le dliteanas soláthraithe digiteacha ag brath ar bharúlacha éiginnte amhail ról 'gníomhach' nó 'éighníomhach' soláthraithe;
10. á chur i bhfáth gur cheart don fhreagracht as an dlí a fhorfheidhmiú, as dlíthiúlacht gníomhaíochtaí ar líne a chinneadh agus as ordú a thabhairt do sholáthraithe seirbhísí óstála rochtain ar inneachar neamhdhleathach a bhaint nó a dhíchumasú a luaithe is féidir, lena n-áirítear ar na meáin shóisialta, go háirithe chun úsáideoirí a chosaint, agus tar éis don soláthraí agus do na páirtithe bainteacha a bheith curtha ar an eolas, a bheith ag na húdaráis bhreithiúnacha neamhspleácha, a ghlacann an cinneadh deiridh; ag tabhairt rabhaidh, dá bhrí sin, i gcoinne forálacha a spreagann bearta deonacha ag na hardáin; á chur i bhfios go láidir gur cheart a áirithiú leis an Acht um Sheirbhísí Digiteacha go n-urramófar go hiomlán na cearta bunúsacha agus go gcosnófar cearta na n-úsáideoirí sa dlí sibhialta agus gur cheart go n-áiritheofaí leis freisin go n-urramófaí go hiomlán na coimircí agus na réitigh dhlíthiúla atá ar fáil do gach beart a chuireann ardáin agus soláthraithe seirbhísí digiteacha i bhfeidhm; á mheas, a luaithe a bheidh an t-eolas iarbhír ag soláthraí seirbhísí óstála gur ann d'inneachar neamhdhleathach agus go bhfuil sé neamhdhleathach, trí fhógra bailí, gur cheart é a bheith faoi réir oibleagáidí maidir le hinneachar a bhaint anuas, agus gur féidir leis a bheith freagrach as measúnú a dhéanamh ar inneachar ar tugadh fógra ina leith, go háirithe i dtaca le seirbhísí an mhargaidh ar líne; á iarraidh ar an gCoimisiún breithniú ar oibleagáid a chur ar sholáthraithe seirbhísí óstála ceannasacha nó córasacha coireacht thromchúiseach a thuairisciú don údarás inniúil um fhorfheidhmiú an dlí, ar eolas iarbhír a fháil faoi choir den sórt sin;
11. á chur i bhfios go láidir gur cheart inneachar neamhdhleathach a bhaint san áit a bhfuil

sé á óstáil, agus nach mbeidh ceangal ar sholáthraithe rochtana rochtain ar inneachar a bhlocáil;

12. á chur i bhfáth gur cheart smachtbhannaí comhréireacha a chur i bhfeidhm maidir le sárúithe ar an dlí, ar smachtbhannaí iad nach gcuimseoidh daoine aonair a eisiamh ó sheirbhísí digiteacha;
13. ag cur béim ar an bhfíoras gur cheart scaipeadh inneachair atá dlíthiúil ach a d'fhéadfadh a bheith díobhálach amhail bréagaisnéis agus fuathchaint ar na meáin shóisialta a shrianadh trí smacht a thabhairt d'úsáideoirí ar an inneachar a mholtar dóibh; á chur i bhfáth gur cheart go n-éileofaí réamhthoiliú feasach an úsáideora chun inneachar a choimeád bunaithe ar ghníomhaíochtaí rianaithe úsáideoirí, agus gur cheart roghanna cothroma agus réasúnacha eile a thabhairt d'úsáideoirí a dhiúltaíonn toiliú a thabhairt chun rochtain a fháil ar an tseirbhís; á mholadh go mbeadh sé de cheart ag úsáideoirí líonraí sóisialta a n-amlíne a fheiceáil in ord croineolaíoch, bíodh aon choimeádaíocht inneachair ann nó ná bíodh; ag moladh gur cheart d'ardáin a mheastar a bheith ceannasach nó córasach API a sholáthar d'úsáideoirí a ligeann dóibh inneachar arna choimeád ag a rogha bogearraí nó seirbhísí, i gcás ina bhfuil sé sin indéanta go teicniúil; á chur i bhfíoras gur cheart go n-áiritheofaí le hardáin trédhearcacht níos airde i bpróisis chinnteoireachta uathoibríthe trína áirithiú nach bhfuil algartaim claonta, agus nach mór do na próisis chinnteoireachta laistigh de chóras algartam a bheith intuigthe agus chomh trédhearcach agus is féidir i gcónaí; á áitiú nach mór don Acht um Sheirbhísí Digiteacha toirmeasc a chur ar chleachtais mhodhnúcháin inneachair atá idirdhealaitheach;
14. á chur i bhfáth, chun tionchar glasála líonraí láraithe a shárú agus iomaíocht agus rogha do thomhaltóirí a áirithiú, gur cheart an cumas a thabhairt d'úsáideoirí seirbhísí meán sóisialta ceannasacha agus seirbhísí teachtaireachtaí idirghníomhaíocht trasardáin a rochtain trí chomhéadain oscailte (idirnascacht);  
  
á iarraidh ar an gCoimisiún cosc a chur ar éiceachóras dílsithe agus dúnta a fhorchur le haghaidh úsáid táirgí agus seirbhísí digiteacha i dtimpeallachtaí éagsúla, ionas go mbeidh idir-inoibrítheacht fhíor agus ardleibhéil ann, agus na táirgí agus na seirbhísí sin á gcur ar fáil i bhformáid atá oscailte agus lena bhféadfar é a onnmhairiú chuig aon timpeallacht dhigiteach;
15. á chur i bhfáth gur gá go bhforálfaí leis an Acht um Sheirbhísí Digiteacha do rialacha sonracha agus mionsonraithe, amhail na forálacha a shoiléiríú d'ardáin agus do sheirbhísí meán sóisialta; á mheas gur gá na coinníollacha maidir le bailíocht na bhfógraí faoin inneachar agus maidir leis an obair leantach ina leith a shonrú; á mheas freisin gur cheart cosc a chur ar mhí-úsáid agus smachtbhannaí a ghearradh ina leith, arb é atá iontu go háirithe fógraí éagóracha nó mí-úsáideacha maidir le hinneachar a chur isteach arís agus arís eile, gur cheart é a bheith bunaithe ar chásdlí Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh atá ann cheana;  
á thabhairt chun suntais thairis sin gur gá freagracht na n-ardán maidir le seirbhísí a theorannú, go háirithe maidir le hinneachar na meán, atá faoi rialú eagarthóireachta soláthraí inneachair cheana féin, atá faoi réir rialáil chuimsitheach agus faoi réir maoirseacht neamhspleách agus éifeachtach ag údarás inniúil neamhspleách aitheanta, de réir córais fógartha agus gníomhaíochta lena n-urramaítear na prionsabail atá

cumhdaithe sa Treoir maidir le Ríomhthráchtáil; á mheas nach mbeidh soláthraithe tráchtála agus neamhtráchtála níos lú faoi réir na n-oibleagáidí céanna; ag cur béim ar an bhfioras nach mór go mbeadh aon chreat dlí nua i réimse na seirbhísí digiteacha inlámhsithe do FBManna Eorpacha lena n-áirítear gnólachtaí nuathionscanta agus gur cheart, dá bhrí sin, oibleagáidí comhréireacha agus coimircí soiléire a chur san áireamh do gach earnáil; á chur i bhfáth gur cheart go gcuirfeadh na rialacha dá bhforáiltear leis an Acht um Sheirbhísí Digiteacha cosc ar oibreoirí ardán inneachar a athrú faoi rialú eagarthóireachta soláthraí ábhair, mar a fhoráiltear le dlí an Aontais; á chur i bhfios go láidir nach mór a áirithiú, má tá gá le hinneachar ó na meáin a bhaint de, nach féidir é sin a dhéanamh ach amháin bunaithe ar ordú cúirte; tabharfar éisteacht do sholáthraithe inneachair sula ndíchumasófar rochtain ar inneachar, ach amháin i gcás ina gcuirfeadh sé sin bac ar aon imscrúdú coiriúil atá ar siúl nó ina gcuirfí i mbaol é; á mheas gur cheart sásraí leordhóthanacha sásaimh a chur ar fáil, trí chomhlachtaí um réiteach díospóide agus trí údarais bhreithiúnacha araon, agus tréimhsí ama réasúnta á gcur i bhfeidhm; den tuairim gur cheart do sholáthraithe seirbhísí óstála tráchtála a mheastar a bheith ceannasach nó córasach sásra a sholáthar a bhfuil rochtain phoiblí anaithnid air chun inneachar a líomhnaítear a fhoilsítear ar a n-ardáin a thuairisciú; ag cur béim ar an bhfioras sa chomhthéacs sin nach mbainfidh an Acht um Sheirbhísí Digiteacha an bonn de rialacha na Treorach maidir le Seirbhísí Meán Closamhairc ná nach bhfágfaidh sé as feidhm iad; á thabhairt chun suntais gur cheart rochtain a thabhairt do shealbhóirí cirt ar na sonraí neamhphearsanta arna nginiúint ag a n-inneachar nó a bhaineann lena n-inneachar ar ardáin, faoi na coinníollacha dá bhforáiltear le dlí an Aontais, agus tar éis measúnú tionchair cuí a dhéanamh;

16. ag moladh go láidir go gcuirfidh ardáin a fheidhmíonn mar mhargaí ar líne faisnéis ar fáil d'úsáideoirí maidir leis na príomhpharaiméadair lena gcinntear ord agus rangú na dtáirgí a chuirtear i láthair úsáideoirí mar thoradh ar a gcuardach, go háirithe má bhí tionchar ag aon luach saothair a d'íoc an soláthróir ar chuardach, nó i gcásanna ina ngníomhaíonn oibreoir an ardáin mar sholáthróir do roinnt de na táirgí a thaispeántar mar thorthaí an chuardaigh;
17. á chur i bhfáth a thábhachtaí atá sé raon feidhme críochach an Achta um Sheirbhísí Digiteacha a leathnú chun gníomhaíochtaí soláthraithe seirbhísí digiteacha atá bunaithe i dtríú tíortha a chumhdach chomh fada agus a thairgeann siad a seirbhísí san Aontas; á mholadh, i gcás ina bhfuil idirghabhálaithe bunaithe i dtríú tír, gur cheart dóibh ionadaí dlíthiúil a ainmniú, atá bunaithe san Aontas, ar féidir é a thabhairt chun cuntais as na táirgí nó na seirbhísí a chuireann siad ar fáil;
18. á mholadh nach mór d'ardáin a chuireann córas clú ar fáil do sholáthraithe earraí nó seirbhísí faisnéis a chur ar fáil faoin gcaoi a ghintear na scóir clú sin; á mholadh i ndáil leis sin gur cheart go mbeadh athbhreithnithe a chuireann leis na córais chlú sin bunaithe ar fhíorthaithí agus go dtionscnaíonn siad ó pháirtí san idirbheart; á chur i bhfáth nár cheart aon athbhreithniú a fhoilsiú má bhaineann an t-údar aon tairbhe as athbhreithniú sonrath dearfach nó diúltach a thabhairt;
19. á chur i bhfios gur cheart don Acht um Sheirbhísí Digiteacha aird ar leith a thabhairt ar úsáideoirí atá faoi mhíchumas agus a n-inrochtaineacht ar sheirbhísí digiteacha a ráthú; ba cheart don Choimisiún soláthraithe seirbhíse a spreagadh chun uirlisí teicniúla a fhorbairt lena gcuirfear ar chumas daoine faoi mhíchumas atá ina gcónaí san Aontas

leas ceart agus tairbhe a bhaint as seirbhísí Idirlín;

20. á mholadh go gceadódh ardáin a chuireann córas clú ar fáil do sholáthraithe earraí nó seirbhísí go n-aistreofaí athbhreithnithe atá ann cheana chuig córas clú ardáin eile arna iarraidh sin ag an soláthróir agus ar fhoirceannadh an chonartha do sholáthróir an ardáin; á chur i bhfáth nach mór tomhaltóirí a chur ar an eolas faoi thionscnamh na n-athbhreithnithe dá n-aistreofaí iad ó ardán eile.



## FAISNÉIS MAIDIR LE GLACADH SA CHOISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR

<b>Dáta an ghlactha</b>	2.9.2020
<b>Toradh na vótála críochnaithí</b>	+: 20 -: 1 0: 3
<b>Feisirí a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach</b>	Gunnar Beck, Geoffroy Didier, Angel Dzhambazki, Ibán García Del Blanco, Jean-Paul Garraud, Esteban González Pons, Mislav Kolakušić, Gilles Lebreton, Karen Melchior, Franco Roberti, Marcos Ros Sempere, Stéphane Séjourné, Raffaele Stancanelli, Marie Toussaint, Adrián Vázquez Lázara, Axel Voss, Marion Walsmann, Tiemo Wölken, Lara Wolters, Javier Zarzalejos
<b>Comhaltaí ionaid a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach</b>	Patrick Breyer, Emmanuel Maurel, Emil Radev
<b>Comhaltaí ionaid faoi Riail 209(7) a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach</b>	Bart Groothuis

**TORADH NA VÓTÁLA CRÍOCHNAITHÍ LE GLAO ROLLA SA CHOISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR**

<b>20</b>	<b>+</b>
EPP	Geoffroy Didier, Esteban González Pons, Emil Radev, Axel Voss, Marion Walsmann
S&D	Ibán García Del Blanco, Franco Roberti, Marcos Ros Sempere, Tiemo Wölken, Lara Wolters
RENEW	Karen Melchior, Bart Groothuis, Stéphane Séjourné, Adrián Vázquez Lázara
VERTS/ALE	Patrick Breyer, Marie Toussain
ECR	Angel Dzhambazki, Raffaele Stancanelli
GUE/NGL	Emmanuel Maurel
NI	Mislav Kolakušić

<b>1</b>	<b>-</b>
ID	Gunnar Beck

<b>3</b>	<b>0</b>
EPP	Javier Zarzalejos
ID	Jean-Paul Garraud, Gilles Lebreton

Eochair do na siombailí a úsáidtear:

- + : i bhfabhar
- : i gcoinne
- 0 : staonadh